Clár um Chothú Feabhais le haghaidh na n-aonad

riaracháin / tacaíochta / seirbhíse

2002 –2003

Dréacht-theimpléad le haghaidh Tuarascáil Féinmheasúnaithe

Aonad XXXX

Coláiste Phádraig

Réamhrá

Aithnítear cothú an fheabhais ina chuid gníomhaíochtaí uile mar eochairchuspóir de chuid phlean straitéiseach an Choláiste don tréimhse 1999 – 2004 (L.5). Tá athbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí uile an Choláiste riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

Do gach Aonad a bhfuil athbhreithniú le déanamh air, tá trí chéim sa phróiseas:

a) Féinmheasúnú
b) Athbhreithniú a dhéanfaidh grúpa saineolach agus aiseolas ó na rannpháirtithe
c) Gníomhaíochtaí a leanann de bharr a phróisis

Déanfar na gnáthaimh athbhreithnithe a leasú gach bliain i bhfianaise aiseolais ó na rannpháirtithe. Tá sé i gceist ag an dréacht-theimpléad féinmheasúnaithe obair an fhéinmheasúnaithe a dhéanamh níos éasca. Déanfar athbhreithniú ar an dréacht-theimpléad tar éis gach timthriall den athbhreithniú feabhais.

An sprioclá le haghaidh na dtuarascálacha féinmheasúnaithe agus na gcáipéisí eile a théann leo ná mí roimh chuairt an Ghrúpa an Phiar-Athbhreithnithe.

Ba chóir go mbeadh sonraí faoin choiste comhordaithe, agus gearrchuntas den mhodheolaíocht a úsáideadh, i réamhrá bhur dtuarascála.

Ba chóir achoimre feidhmiúcháin a chur sa tuarascáil leis.

Clár-ábhar na Tuarascála

1. Buneolas tosaigh faoin Aonad

2. Measúnú ar sheirbhísí an Aonaid

    (a) Sainmhíniú ar sheirbhísí agus ar nósanna imeachta

(b) Úsáideoirí na seirbhísí a shainmhíniú
(c) Na slatanna tomhais chun cur i gcrích a mheas a aithint
(d) Aiseolas ó úsáideoirí faoi fheabhas na seirbhísí (cumarsáid san áireamh)
(e) Athbhreithniú ar chuspóirí agus ar a gcur i gcrích

3. Peirspictíochtaí na foirne taobh istigh den aonad

(a) Forbairt foirne
(b) Cumarsáid
(c) Sástacht na foirne
(d) Cumainn taobh amuigh den roinn

4. Fachtóirí eile

5. Conclúidí agus moltaí

6. Modheolaíocht

7. Ábhar breise

1. Buneolas tosaigh faoin Aonad

Tugann an rannóg seo eolas cúlra faoi na coinníollacha ina bhfeidhmíonn an t-aonad, agus cuireann sí mar rannóg feidhmeanna an aonaid i láthair. Is féidir na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Forbhreathnú gearr ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil;
- Struchtúr eagrúcháin (liosta de fhoireann an aonaid san áireamh);
- Forbhreathnú gearr ar acmhainní (acmhainní fisiciúla san áireamh);
- Conas, agus cén uair, a d'fhorbair an t-aonad go dtí go bhfuil sé mar atá sé faoi láthair (m.sh. foireann nua, oifigí nua, méadú ar líon na mac léinn srl.);
- Forbhreathnú gearr ar nascanna le foireann, mic léinn srl.;

- Ról i gcomhthéacs níos leithne na hollscoile (m.sh. nascanna le ranna acadúla, aonaid eile riaracháin).

2. Measúnú ar Sheirbhísí an Aonaid

(a) Sainmhíniú ar sheirbhísí agus ar nósanna imeachta.

Is gá ráiteas soiléir a dhéanamh faoi cad a dhéanann an t-aonad sula ndéantar na seirbhísí a mheasúnú:

- Cuspóirí an aonaid (m.sh. tacaíocht a sholáthar don fhoireann acadúil agus do mhic léinn);
- Eochairghníomhaíochtaí (m.sh. torthaí na scrúduithe a phróiseáil, aistí a thabhairt ar ais do mhic léinn);
- Eolas a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí (m.sh. eolas faoi thorthaí na scrúduithe).

(b) Úsáideoirí na seirbhísí a shainmhíniú

Foireann acadúil; mic léinn; an pobal i gcoitinne; aonaid eile srl.

(c) Slatanna tomhais chun cur i gcrích a mheas

Cad iad na slatanna tomhais gur féidir linn a aithint a chabhródh linn meastóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích ár gcuspóirí?

(d) Aiseolas ó úsáideoirí faoi fheabhas na seirbhísí (cumarsáid san áireamh).

Roinnt ceisteanna nár mhiste a chlúdach ná sástacht le seirbhísí, eolas faoi sheirbhísí atá ar fáil, cumann le foireann an aonaid, moltaí le haghaidh feabhsuithe…

- Foireann acadúil, aonaid eile, m.sh. grúpaí fócais, agallaimh
- Mic léinn – m.sh. ceistneoirí

(e) Athbhreithniú ar chuspóirí agus ar a gcur i gcrích. Ba chóir na nithe seo a leanas a aithint:

- Láidreachtaí oibriúcháin
- Laigí oibriúcháin
- Athruithe a chuirfeadh feabhas ar oibriúchán an aonaid

- Cad atá ag teastáil chun na hathruithe seo a chur i gcrích – athruithe in aonaid / soláthraithe eile san áireamh? (Is dócha go n-aithneofar roinnt réimsí, taobh amuigh de smacht díreach aonaid, a théann i bhfeidhm ar shlí dhiúltach ar obair an aonaid.)

3. Peirspictíochtaí na foirne taobh istigh den aonad.

(a) Forbairt Foirne

An bhfuil polasaí ann? An bhfuil meicníochtaí chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'oiliúint phearsanta sa dóigh is go dtéann sí seo chun leas an choláiste ar shlí níos dírí? Ba chóir sonraí faoi rannpháirtíocht foirne i ngníomhaíochtaí forbartha a sholáthar agus míniú conas a réitíonn siad seo le cuspóirí an aonaid. B'fhéidir go mba mhaith an áit é seo chun easnamh scileanna a aithint.

(b) Cumarsáid

Conas a sheachadtar eolas taobh istigh den aonad? Cruinnithe rialta? Cumarsáid idir an t-aonad agus réimsí eile den Choláiste? An sroicheann eolas ábhartha an t-aonad?

(c) Sástacht Foirne

Cad iad na nithe dearfacha a bhaineann le bheith ag obair taobh istigh den aonad?
Cad iad na hábhair frustrachais?

(d) Cumainn taobh amuigh den aonad

Rannpháirtíocht i gcoistí, ballraíocht i gcumainn phroifisiúnta, nascanna le hinstitiúidí eile tríú leibhéil, institiúidí rialtais, an tsochaí i gciall níos leithne.

4. Fachtóirí eile

Liostaítear anseo na fachtóirí a mbeadh gá, b'fhéidir, iad a ainm-sheiceáil (fiú mura mbeadh i gceist ach a rá nach dtarlaíonn dada sa réimse sin faoi láthair):

- Buiséadú
- Plean straitéiseach / forbartha

5. Conclúidí agus moltaí

Achoimre de na láidreacht, laigí agus moltaí chun feabhas a chothú. Ba chóir ócáidí chun forbartha a aithint, agus ba cheart an leas a dhéanfar don aonad, don ollscoil agus don phobal i gcoitinne a sholáthar.

6. Modheolaíocht an Athbhreithnithe

- Ainmneacha bhaill an aonaid a ghlac páirt san athbhreithniú
- Líon agus dátaí na gcruinnithe a bhí ag an aonad
- Roinnt na dtascanna ar bhaill an aonaid
- Méid na cumarsáide leis an bhfoireann nach n-oibríonn san aonad (m.sh. foireann acadúil Roinn an Oideachais)

7. Ábhar breise

Ba chóir ábhair ar nós ceistneoirí, cairteanna achoimre srl a chur san áireamh anseo.